# Bileog 7.1 Bia agus deoch

**Cuid A**

***Féach ar an liosta seo de stór focal a bhaineann le bia agus deoch. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?***

tae, bán, bainne, siúcra, tóg, spúnóg, dearg, sú oráiste, uisce, pionta beorach, leathphionta ceirtlise, caife, fíon, glac, bí, pota tae, leac oighir, láidir, lag, uachtar, fuar, te.

| **A – Cinnte**<br>(Tá tú cinnte cad is brí leo) | **B – Idir eatarthu**<br>(Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí) | **C – Éiginnte**<br>(Níl a fhios agat cad is brí leo) |
|---|---|---|
| | | |

***Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh.***

**Cuid B**

***Cuir na focail ar fad ón liosta thuas sna ciorcail chuí.***




**Cuid C**

***Féach ar an cheist agus na freagraí seo:***

An maith leat caife? Is maith/Ní maith

***Labhair leis an duine in aice leat agus cuir ceist air/uirthi an maith leis/léi na rudaí atá anois sa chiorcal Ainmfhocail.***

© Má Nuad

# Bileog 7.2 Ar mhaith leat?

## Cuid A

***Féach ar an cheist seo arís:***

An maith leat caife? Is maith/Ní maith

***Féach ar na ceisteanna eile seo. Cad is brí leo? Tabhair freagra nuair is féidir.***

| | | |
|---|---|---|
| Cad ba mhaith leat? | _____ | _____ |
| Ar mhaith leat? | _____ | _____ |
| An mbeidh tae agat? | _____ | _____ |

## Cuid B

***Féach ar na briathra thíos. Cum an cheist agus na freagraí diúltacha agus dearfacha don dá bhriathar san Aimsir Láithreach.***

| Tóg | Glac |
|---|---|
| _____? | _____? |
| _____ | _____ |
| _____ | _____ |

***Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na freagraí céanna agaibh.***

## Cuid C

***Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh an dá fhreagra chuí sna spásanna thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.***

| | |
|---|---|
| An mbeidh gloine fíona agat? | Beidh/Ní bheidh_____ |
| Ar mhaith leat caife? | _____ |
| An nglacann tú bainne? | _____ |
| An mbeidh pionta agat? | _____ |
| An itheann tú iasc? | _____ |
| An maith leat fíon bán? | _____ |
| Cad ba mhaith leat? | _____ |
| Ar mhaith leat cupán tae? | _____ |
| An mbeidh siúcra agat? | _____ |
| An ólann tú Guinness? | _____ |
| Ar mhaith leat gloine uisce? | _____ |

***Anois cuir féin agus an duine in aice leat na ceisteanna ar a chéile - tógaigí sealanna ag cur ceisteanna agus ag freagairt.***

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.3 Cluiche Foireann A

**Cuid A**

***Beidh tú ag imirt cluiche. Beirt i gcoinne beirte atá i gceist. Cum féin agus an duine eile i do ghrúpa ceisteanna cosúil leis na ceisteanna ar*** *Bileog 7.2 (cuid C)* ***agus scríobh sa cholún ar chlé iad. Beidh sibh ag cur na gceisteanna seo ar an ghrúpa eile agus beidh ar an ghrúpa sin an freagra ceart a thabhairt daoibh. Má éiríonn leo an freagra ceart a thabhairt ar an gceist cuirigí pointe amháin sa cholún ar dheis faoi*** *Scór.*

| An Cheist | Na Freagraí | Scór |
|---|---|---|
| *Ar mhaith leat cupán tae?* | *Ba mhaith* ***nó*** *níor mhaith* | |
| *An maith leat sicín?* | *Is maith* ***nó*** *ní maith* | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Cuid B**

***Nuair atá sibh críochnaithe leis an chluiche léigí amach an scór a thug sibh don fhoireann eile agus mínígí dóibh cén áit ar chaill siad pointí, má chaill!***

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.4 Cluiche Foireann B

**Cuid A**

***Beirt i gcoinne beirte atá i gceist. Cum féin agus an duine eile i do ghrúpa ceisteanna cosúil leis na ceisteanna ar*** *Bileog 7.2 (cuid C)* ***agus scríobh sa cholún ar chlé iad. Beidh sibh ag cur na gceisteanna seo ar an ghrúpa eile agus beidh ar an ghrúpa sin an freagra ceart a thabhairt daoibh. Má éiríonn leo an freagra ceart a thabhairt ar an gceist cuirigí pointe amháin sa cholún ar dheis faoi*** *Scór***.**

| An Cheist | Na Freagraí | Scór |
|---|---|---|
| *Ar mhaith leat cupán tae?* | *Ba mhaith* ***nó*** *níor mhaith* | |
| *An maith leat sicín?* | *Is maith* ***nó*** *ní maith* | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Cuid B**

***Nuair atá sibh críochnaithe leis an chluiche léigí amach an scór a thug sibh don fhoireann eile agus mínígí dóibh cén áit ar chaill siad pointí, má chaill!***

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.5 Máire agus Jan

## Cuid A

***Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.***

### Ag ól caife



Am lóin Dé Luain atá ann. D'ith Máire agus Jan lón agus tá siad ag ordú caife anois. Bhuail Máire le Cormac ag an deireadh seachtaine agus níl Jan sásta faoi sin. Síleann sé go bhfuil Máire ag siúl amach le Cormac arís. Níl mórán cainte eatarthu nuair atá siad ag fanacht leis an chaife.

## Cuid B

***Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.***

1. Cad é a ólann Máire?

   _____

2. Cad é a bhíonn ag Jan?

   _____

3. An nglacann Jan siúcra agus bainne?

   _____

## Cuid C

***Tá sé 11am agus tá sos tae agat féin agus an duine in aice leat. Cuir tic leis na pictiúir thíos le léiriú cad é ba mhaith leat. Cuir ceist ar an duine in aice leat cad ba mhaith leis/léi. Ansin siúil timpeall an ranga ag ceistiú daoine eile.***

| Tae | Caife | Siúcra | Bainne |
|---|---|---|---|
| | | | |

© OE Má Nuad

# Bileog 7.6 Bia

***Don mhúinteoir!***

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Anraith** | **Bradán** | **Beacáin** | **Uibheagán** |
| **Sicín rósta** | **Stéig** | **Sailéad** | **Sceallóga** |
| **Piseanna** | **Meacain bhána** | **Oinniúin** | **Uachtar reoite** |
| **Glasraí** | **Prátaí** | **Brúitín** | **Cairéid** |
| **Brocailí** | **Arán donn** | **Iasc an lae** | **Cadóg** |
| **Gliomach** | **Portán** | **Pónairí** | **Milseog** |
| **Pióg úll** | **Sailéad torthaí** | **Cáca cáise** | **Scónaí** |
| **Stobhach** | **Bia glasránach** | **Ispíní** | **Bagún** |
| **Im** | **Salann** | **Piobar** | **Anlann** |
| **Gairleog** | **Cnónna** | **Trosc** | **Uaineoil** |

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.7 An biachlár

**Cuid A**

***Roghnaigh an focal ceart ó na focail thíos a chuireann síos ar gach cúrsa sa bhiachlár.***

An Príomhchúrsa An Mhilseog An Chéad Chúrsa




**Cuid B**

***Roghnaigh cad é ba mhaith leat ón bhiachlár. Bí ag caint leis an duine in aice leat agus cuir ceist air/uirthi cad é ba mhaith leis/léi do gach cúrsa. Féach ar na ceisteanna le cuidiú leat:***

Cad é ba mhaith leat don phríomhchúrsa?

Cad é ba mhaith leat don chéad chúrsa?

An mbeidh milseog agat? Cad é ba mhaith leat?

© Nuad

# Bileog 7.8 Béile sa bhaile

**Cuid A**

***Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tá cóisir agaibh sa teach anocht agus caithfidh sibh an biachlár a réiteach.***

***Céim 1:*** ***Tabharfaidh an múinteoir clúdach litreach duit ina bhfuil focail a bhaineann le bia. Roghnaigh cad é ba mhaith libh a dhéanamh do gach cúrsa agus cuir i gcairn áirithe iad do gach cúrsa.***

***Céim 2:*** ***Anois, ag obair le chéile, scríobh amach cad é a bheidh agaibh don dinnéar anocht sa bhiachlár thíos.***

**********

**********

**********

**Cuid B**

***Labhair le beirt eile sa rang agus léigh amach an biachlár atá díreach curtha le chéile agaibh dá chéile. Breac síos i gcúpla focal cad é atá ag an bheirt eile.***

An Chéad Chúrsa: _____
_____

An Príomhchúrsa: _____
_____

An Mhilseog: _____
_____

© CJ Read

## Bileog 7.9 Ag an bhéile. . .

**Cuid A**

***Tá cóisir ag Máire ina teach. Rinne sí béile do bheirt dá cuid cairde le Jan a chur in aithne dóibh. Seo thíos an biachlár atá aici don chóisir. Éist leis an téip agus scríobh cad é atá na cuairteoirí ag ithe sna boscaí. Breac síos aon eolas eile gur féidir leat.***

Sailéad glas le cnónna
Anraith beacán

**********

Trosc agus sceallóga
Stobhach glasraí

**********

Sailéad torthaí
Pláta cáise

| |
|---|
| Muireann |
| Seán |
| Jan |

**Cuid B**

***Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tógadh duine agaibh ról Mháire agus tógadh duine eile ról an chuairteora. Déanaigí rólghníomhaíocht bunaithe ar an mhír éisteachta a chuala sibh in A agus bainigí úsáid as an mbiachlár ar*** *Bileog 7.7****. Scríobh síos focal/frása ar bith nach raibh sibh in ann an Ghaeilge a aimsiú dó thíos.***



© Oifig an Nuad

# Bileog 7.10 An t-ainmfhocal

**Cuid A**

***Tá gach focal i nGaeilge baininscneach nó firinscneach. Is féidir inscne an fhocail a thomhas de ghnáth ón fhocal, ach má tá amhras ort féach san fhoclóir! Seo thíos cúpla riail gharbh le nod a thabhairt duit faoi inscne an fhocail. Cuir tic leis an siombail den bhean má shíleann tú go mbaineann an riail le focail bhaininscneacha. Cuir tic leis an siombail den fhear má shíleann tú go mbaineann an riail le focail fhirinscneacha. Bí ag obair leis an duine in aice leat.***

- Nuair a chríochnaíonn focal le consan caol (cáis)
- Nuair a chríochnaíonn focal le consan leathan (bád)
- Nuair a chríochnaíonn focal le guta (bainne)
- Nuair a chríochnaíonn focal le -eog/-óg (leadóg/fuinneog)
- Nuair a bhaineann focal le gairmeacha (dochtúir/bainisteoir)
- Nuair a chríochnaíonn focal le –ín (cailín/báidín)
- Nuair a chríochnaíonn focal le -(e)acht/-(a)íocht (feasacht/filíocht)

**Cuid B**

***Ag obair leis an duine in aice leat féach ar na focail seo arís agus déan iarracht inscne na bhfocal a thomhas ó na rialacha thuas.***

| | | | |
|---|---|---|---|
| Anraith | Bradán | Iasc | Stobhach |
| Sicín | Stéig | Piobar | Gairleog |
| Brocailí | Beacán | Trosc | Bagún |
| Uibheagán | Sailéad | Oinniún | Gliomach |
| Portán | Cadóg | Arán | Milseog |

***Mar a dúradh roimhe seo níl sna rialacha thuas ach nodanna garbha. Féach san fhoclóir anois le feiceáil ar roghnaigh sibh an inscne cheart do gach focal.***

© ÓÉ Má Nuad

# Bileog 7.11 An t-ainmfhocal – ar lean.

## Cuid A

***Athraíonn tús an fhocail nuair a chuireann tú an t-alt leis. Féach ar na samplaí seo:***

| | **Grúpa A** | **Grúpa B** |
|---|---|---|
| Focail a thosaíonn le consan | an bád | an bhábóg |
| Focail a thosaíonn le *s* | an siúcra | an tsráid |
| Focail a thosaíonn le guta | an t-uisce | an uaineoil |

***Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo:***

***Cén grúpa focal atá baininscneach?***
***Cén grúpa focal atá firinscneach?***
***Breac síos trí dhifríocht idir na focail sa dá ghrúpa.***

_____
_____
_____

## Cuid B

***Ag obair le chéile arís cuir an t-alt roimh na focail sa liosta. Tá an chéad cheann déanta duit.***

| | |
|---|---|
| anraith | an t-anraith |
| sicín | _____ |
| brocailí | _____ |
| uibheagán | _____ |
| portán | _____ |
| stobhach | _____ |
| gairleog | _____ |
| bagún | _____ |
| gliomach | _____ |
| milseog | _____ |
| arán | _____ |
| oinniún | _____ |
| iasc | _____ |
| piobar | _____ |
| trosc | _____ |
| cadóg | _____ |
| sailéad | _____ |
| beacán | _____ |
| stéig | _____ |
| bradán | _____ |
| ispín | _____ |
| uachtar | _____ |

© OL Má Nuad

# Bileog 7.12 Cur síos ar bhéile - Duine A

**Cuid A**

***Bhí tú ag béile i dteach do charad ag an deireadh seachtaine. Beidh tú ag baint úsáide as na focail thíos le cur síos a dhéanamh ar an bhéile.***

**Aidiachtaí**
an-bhlasta
go hálainn
atmaisféar maith
bia úr
an-éagsúil

**An Bia**
ispíní pónairí
brúitín meacain bhána
uachtar reoite
fíon dearg cáis

| | |
|---|---|
| Teach: | Siobhán |
| Oíche: | Dé Sathairn |
| Daoine: | Cairde ón scoil |
| Críochnaithe: | Mall san oíche |

**Cuid B**

***Scríobh cúpla abairt shimplí anois ag déanamh cur síos ar an bhéile.***

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

**Cuid C**

***Ní raibh am chomh deas sin ag an duine in aice leat. Cuir ceist air/uirthi faoin dinnéar. Féach ar na ceisteanna thíos le cuidiú leat:***

Cad é mar a bhí an béile?
Ar thaitin an béile leat?
Cad é a bhí agat?
Cé a bhí ann?
Cén lá chuaigh tú ann?
Ar thaitin an fíon leat?
Ar bhain tú sult as?

© OÉ Mh Nua

# Bileog 7.13 Cur síos ar bhéile - Duine B

**Cuid A**

***Bhí tú ag béile i dteach do charad ag an deireadh seachtaine. Beidh tú ag baint úsáide as na focail thíos le cur síos a dhéanamh ar an bhéile.***

**Aidiachtaí**
róspíosrach
go dona
droch-atmaisféar
róbhruite
bia fuar

**An Bia**
curaí sceallóga
rís cairéid
pióg úll
fíon bán caife

| | |
|---|---|
| Teach: | Donncha |
| Oíche: | Dé hAoine |
| Daoine: | Comhoibrithe |
| Críochnaithe: | Go luath san oíche |

**Cuid B**

***Scríobh cúpla abairt shimplí anois ag déanamh cur síos ar an bhéile.***

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

**Cuid C**

***Bhí béile i bhfad níos fearr ag an duine in aice leat. Cuir ceist air/uirthi faoin dinnéar. Féach ar na ceisteanna thíos le cuidiú leat:***

Cad é mar a bhí an béile?
Ar thaitin an béile leat?
Cad é a bhí agat?
Cé a bhí ann?
Cén lá a chuaigh tú ann?
Ar thaitin an fíon leat?
Ar bhain tú sult as?

© OÉ Mhá Nuad

# Bileog 7.14 Máire agus Jan sa bhialann

**Cuid A**

***Léigh an píosa seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile. Tá an ghluais ann le cuidiú libh***

## Sa bhialann…

Rinne Máire cinneadh cuireadh a thabhairt do Jan teacht go Dún na nGall don deireadh seachtaine. Ba mhaith léi a rá leis go bhfuil sí an-tugtha dó agus nach bhfuil sí ag bualadh le Cormac níos mó. Chuaigh siad go bialann an-rómánsúil amuigh faoin tuath. Bhí an t-atmaisféar go hálainn agus bhí an bia, den chuid is mó, go maith freisin. Bhí Jan chomh sásta mar bhí Gaeilge ag na freastalaithe ar fad.

cinneadh – decision
a rá – to say
an-tugtha dó – very fond of him
faoin tuath – countryside
den chuid is mó – for the most part

***Sula n-éisteann tú leis an chomhrá idir Máire agus Jan bí ag obair leis an duine in aice leat agus ceangail na ceisteanna Gaeilge ar chlé leis na ceisteanna Béarla ar dheis.***

| | |
|---|---|
| **An bhfuil arán donn leis sin?** | Are you ready to order? |
| **An bhfuil sibh réidh le hordú?** | The wine list please? |
| **An clár fíona, le do thoil?** | Is there brown bread with that? |

**Cuid C**

***Féach ar an bhia agus ar an fhíon thíos. Cloisfidh tú Máire agus Jan ag ordú bia anois. Éist leis an téip agus cuir tic sna pictiúir a léiríonn an bia agus an fíon atá siad ag ordú.***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Arán donn | Stéig | Sceallóga | Piseanna | Fíon bán |
| Fíon dearg | Stobhach | Beacáin | Anraith | Milseog |
| Sailéad | Sicín | Cadóg | Portán | Prátaí |

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.15 Ag labhairt faoin bhéile

**Cuid A**

***Éist le Máire agus Jan ag labhairt faoin bhéile a bhí acu. Ar thaitin an béile leo? Scríobh an oiread eolais agus is féidir faoi na tuairimí a bhí ag an bheirt faoin bhéile.***

Jan: _____

Máire: _____

**Cuid B**

***Smaoinigh siar ar an bhéile deireanach a bhí agat féin i mbialann. Líon isteach na boscaí thíos le cuidiú leat cur síos a dhéanamh ar an bhéile.***

| An Bia | An tSeirbhís | An Praghas | An Comhluadar |
|---|---|---|---|
| | | | |

**Cuid C**

***Labhair le duine eile sa rang nach raibh tú ag caint leis le fada agus cuir ceist ar an duine sin faoin bhéile deireanach a bhí aige/aice féin. Féach ar na ceisteanna thíos le cuidiú leat!***



Cad é mar a bhí an béile?

Ar thaitin an béile leat?

An raibh sé costasach?

An raibh an tseirbhís go maith?

An raibh fíon agat?

Cad a d'ith tú?

© OÉ Má Nuad

# Bileog 7.16 Bia traidisiúnta na hÉireann

**Cuid A**

***Féach féin agus an duine in aice leat ar na pictiúir thíos de bhia traidisiúnta na hÉireann - an féidir libh ainm an bhia a aimsiú ón ghrúpa focal faoi na pictiúir:***

**1.**

**2.**

**3.**

**4.**

**5.**

**6.**

**Cál Ceannann** **Gríosctha friochta** **Arán donn**
**Stobhach Éireannach** **Bagún agus Cabáiste** **Crúibíní**

**Cuid B**

***Anois déanaigí plé ar an bhia thuas agus ar bhia traidisiúnta na hÉireann go ginearálta. Féachaigí ar na ceisteanna/freagraí thíos chun cabhrú libh:***

An maith leat bia traidisiúnta na hÉireann go ginearálta?
Is maith/ní maith.
An maith leat arán donn?
Is maith/ní maith
An raibh crúibíní agat riamh?
Bhí/ní raibh.
Ar thaitin siad leat?
Thaitin/Níor thaitin.
An bhfuil prátaí leis an ghríosctha friochta?
Tá/níl.

© OÉ Má Nuad